



RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/415 ón gCOIMISIÚN

an 1 Márta 2024

lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/415 ón gCoimisiún maidir le haigéad malach, aigéad citreach arna tháirgeadh ag *Aspergillus niger* DSM 25794 nó CGMCC 4513/CGMCC 5751 nó CICC 40347/CGMCC 5343, aigéad sorbach agus sorbáit photaisiam, aigéad aicéiteach, dé-aicéatáit sóidiam agus aicéatáit chailciam, aigéad próipianach, próipianáit sóidiam, próipianáit chailciam agus próipianáit amóiniam, aigéad formach, formáit sóidiam, formáit chailciam agus formáit amóiniam, agus aigéad luchtach arna tháirgeadh ag *Bacillus coagulans* (LMG S-26145 nó DSM 23965), nó *Bacillus smithii* (LMG S-27890) nó *Bacillus subtilis* (LMG S-27889) agus luchtáit chailciam a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/415 ón gCoimisiún ⁽²⁾, níor údaraíodh aigéad aicéiteach, dé-aicéatáit sóidiam, aicéatáit chailciam agus formáit amóiniam a úsáid mar bhreiseáin bheathaithe ar feadh tréimhse 10 mbliana ach amháin le haghaidh speicis ainmhíoch áirithe, cé go dtagraítear go hearráideach i dteideal an Rialacháin Cur Chun Feidhme sin d'údarú maidir le gach speiceas ainmhíoch.
- (2) Údaraíodh aigéad luchtach agus luchtáit chailciam a úsáid mar bhreiseáin bheathaithe ar feadh tréimhse 10 mbliana le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/415 freisin.
- (3) San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/415 maidir leis na breiseáin aigéad luchtach (a shainaithnítear mar '1a270') agus luchtáit chailciam (a shainaithnítear mar '1a327'), sa cholún 'Speiceas nó catagóir ainmhí', cumhdaítear an chatagóir 'athchogantaigh a bhfuil cogansach neamhfheidhmiúil acu' le raon feidhme 'Gach speiceas ainmhíoch seachas muca agus athchogantaigh a bhfuil cogansach fheidhmiúil acu', ach de réir na tuairime ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia an 12 Samhain 2019 ⁽³⁾, ní fhéadfaí deighleog shábháilte a shuí le haghaidh réamh-athchogantach. Dá bhrí sin, níor cheart na breiseáin aigéad luchtach agus luchtáit chailciam a údarú lena n-úsáid le haghaidh athchogantach a bhfuil cogansach neamhfheidhmiúil acu.
- (4) San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/415 maidir leis an mbreiseán aicéatáit chailciam (a shainaithnítear mar '1a263'), cuireadh iontráil a bhaineann le hiarann isteach go mícheart sa cholún 'Comhdhéanach, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse' faoin gceannteideal 'Tréithriú na substainte gníomhaí'.
- (5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/415 a cheartú dá réir.
- (6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/415 ón gCoimisiún an 11 Márta 2022 maidir le haigéad malach, aigéad citreach arna tháirgeadh ag *Aspergillus niger* DSM 25794 nó CGMCC 4513/CGMCC 5751 nó CICC 40347/CGMCC 5343, aigéad sorbach agus sorbáit photaisiam, aigéad aicéiteach, dé-aicéatáit sóidiam agus aicéatáit chailciam, aigéad próipianach, próipianáit sóidiam, próipianáit chailciam agus próipianáit amóiniam, aigéad formach, formáit sóidiam, formáit chailciam agus formáit amóiniam, agus aigéad luchtach arna tháirgeadh ag *Bacillus coagulans* (LMG S-26145 nó DSM 23965), nó *Bacillus smithii* (LMG S-27890) nó *Bacillus subtilis* (LMG S-27889) agus luchtáit chailciam a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L 85, 14.3.2022, lch. 6).

⁽³⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2019;17(12):5914.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/415 mar a leanas:

1. cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/415 ón gCoimisiún an 11 Márta 2022 maidir le haigéad malach, aigéad citreach arna tháirgeadh ag *Aspergillus niger* DSM 25794 nó CGMCC 4513/CGMCC 5751 nó CICC 40347/CGMCC 5343, aigéad sorbach agus sorbáit photaisiam, aigéad aicéiteach, dé-aicéatáit sóidiam agus aicéatáit chailciam, aigéad próipianach, próipianáit sóidiam, próipianáit chailciam agus próipianáit amóiniam, aigéad formach, formáit sóidiam, formáit chailciam agus formáit amóiniam, agus aigéad luchtach arna tháirgeadh ag *Bacillus coagulans* (LMG S-26145 nó DSM 23965), nó *Bacillus smithii* (LMG S-27890) nó *Bacillus subtilis* (LMG S-27889) agus luchtáit chailciam a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh speicis ainmhíoch áirithe’;

2. sa cheathrú colún den Iarscríbhinn dar teideal ‘Speiceas nó catagóir ainmhí’, maidir leis na hiontrálacha 1a270 le haghaidh aigéad luchtach agus 1a327 le haghaidh luchtáit chailciam, cuirtear ‘Gach speiceas ainmhíoch seachas muca agus athchogantaigh’ in ionad na catagóire ‘Gach speiceas ainmhíoch seachas muca agus athchogantaigh a bhfuil cogansach fheidhmiúil acu’;

3. sa tríú colún den Iarscríbhinn dar teideal ‘Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse’, maidir le hiontráil 1a263 le haghaidh aicéatáit chailciam, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs faoin gceannteidil ‘Tréithriú na substainte gníomhaí’:

‘Aicéatáit chailciam $\geq 98,7\%$

$C_4H_6CaO_4$

Uimh. CAS 62-54-4

Uisce: $\leq 6\%$

Ábhar neamh-ghalaithe ≤ 30 mg/kg

Aigéad formach agus a shalainn agus ábhar eile in-ocsaídíte ≤ 1 g/kg

Arna táirgeadh trí shintéis cheimiceach’.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 1 Márta 2024.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN